Gaelscoil Thaobh na Coille

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Nuachtlitir

Meán Fómhair
26/09/2025

## Iarratais ar Iontráil 2026/2027 Applications for Admission





*Cé nach bhfuilimíd ach díreach taréis fáilte chun na scoile a chur roimh ár naíonáin shóisearacha álainn nua, beimíd ag glacadh le hIarratais ar Iontráil do rang na Naíonáin Shóisearacha 2026/2027 ón 01/10/2025 go dtí an 24/10/2025. Beifear in ann iarratas a dhéanamh ar-líne tré chliceáil ar an NASC a bheidh ar fáil ar leathanach baile suíomh gréasáin na scoile: www.taobhnacoille.ie ón 01 Deireadh Fómhair ar aghaidh. Cé go dtugtar tús áite sa Pholasaí ar Iontráil do shiblíní, ní féidir linn tús áite a thabhairt dóibh muna bhfuil siad cláraithe linn! Bí cinnte mar sin go gcláraíonn tú do pháiste linn roimh 25 Deireadh Fómhair, má theastaíonn uait go dtosóidh sé/sí i nGaelscoil Thaobh na Coille i Meán Fómhair 2026.*

Although we have only just welcomed our wonderful new junior infant pupils to the school we will begin accepting Applications for Admission for our 2026/2027 junior infant class from 01/10/2025 until 24/10/2025. On-line applications can be made from the 01 October onward by clicking on a dedicated LINK on the home page of the school's website: www.taobhnacoille.ie. Although priority is given to siblings in the Admissions Policy, we cannot prioritise them if they have not been registered! Please ensure that your child is registered before 24/10/2025 if you wish him/her to start in Gaelscoil Thaobh na Coille in September 2026.







## Toghachán Uachtarán na hÉireann

Ionad Vótála Logánta / Local Voting Centre

**Gaelscoil Thaobh na Coille**

Scoil Dúnta : School Closed






Glacfar le hiarratais ar iontráil do rang na naíonáin shóisearacha 2026/2027 ón 01/10/2025 go dtí an 24/10/2025. Má tá páiste óg agat sa bhaile agus go bhfuil sé i gceist agat go dtósódh siad i rang na naíonáin shóisearacha an bhliain seo chugainn bí cinnte go gcláraíonn tú iad i rith an tréimhse ama sin. Beidh nacs ar leathanach baile suíomh ghréasáin na scoile www.taobhnacoille.ie leis an clárú a dhéanamh.

Bhéimís an-bhuíoch dá scaipfí an scéala seo ar éinne a bhfuil aithne agat orthu a bhfuil páiste acu a bheidh ag lorg áit scoile i rang naíonáin shóisearach don bhliain seo chugainn.

Beidh tráthnóna oscailte againn ar an Luan 06/10/2025 ó 18:30 go 19:30 do thuismitheoirí nua ar mhaith leo eolas a fháil faoin scoil agus cuairt a thabhairt ar an bhfoirgneamh.

## APPLICATIONS FOR ADMISSION 2026/2027

Applications for admission to the 2026/2027 junior infant class will be accepted from 01/10/2025 to 24/10/2025. If you have a young child at home and you intend to start them in junior infants next year please ensure that you register your interest during that time period. There will be a link on the home page of the school website www.taobhnacoille.ie to complete the registration.

We would be very grateful if you could share this information with anyone you know who has a child who will be looking for a school place in junior infants for next year.

We will also be holding an open evening on Monday 06/10/2025 from 18:30 to 19:30 for new parents who would like to find out a bit more about the school and visit the building. Again, please share this information and spread the word.




## TUISMITHEOIRÍ & Labhairt na Gaeilge Use your Gaeilge le do thoil!




Cabhraigh linn trí GHAEILGE A LABHAIRT nuair a bhíonn tú ar scoil agus ar thaillte na scoile. Is cuma más líofa, briste nó an-bhunúsach atá do chuid Gaeilge, nílimid ag iarraidh ach go ndéanfadh tuismitheoirí a ndícheall an Ghaeilge a labhairt, go háirithe ag amanna fágála agus bailithe. Cabhróidh sé seo linn féin agus leis na páistí an Ghaeltacht a bhfuilimid ag iarraidh a a chruthú agus a chinntiú gurb í an GHAEILGE amháin teanga chumarsáide na scoile agus i measc ár ndaltaí i gcónaí.

Help us by SPEAKING GAEILGE when you are in the school and on school grounds. It doesn't matter if your Irish is fluent, broken or very basic, all we are asking for is that parents do their best to speak Irish, especially at drop off and collection times. This will help us and your children to create the Gaeltacht that we strive for and ensure that the language of communication in school and amongst our pupils is GAEILGE alone.

## Lá na nGeansaithe

**'Wear, Care, Share'**

*Is é Lá na nGeansaithe príomhfheachtas tiomsaithe airgid bliantúil GOAL a reáchtáiltear ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. Ar Lá na nGeansaithe, feictear na mílte duine ag teacht le chéile agus ag caitheamh a ngeansaithe spóirt is fearr leo chun tacú le hobair GOAL le pobail leochaileacha. Tacaíonn Gaelscoil Thaobh na Coille leis an imeacht carthanachta seo gach bliain agus i mbliana beidh Lá na nGeansaithe ar siúl Dé hAoine 10ú Deireadh Fómhair.*



## Goal Jersey Day

**'Wear, Care, Share'**

Jersey Day is GOAL's flagship annual fundraising campaign held across Ireland and throughout the world. GOAL Jersey Day sees tens of thousands of people coming together and wearing their favourite sports jerseys to support GOAL's work with vulnerable communities. Gaelscoil Thaobh na Coille supports this charity event every year and this year Jersey day will be held on Friday 10th October.

## Taispeántas na Naíonáin

*Déanfaidh na Naíonáin shóisearacha (N1A, N1B) cur i láthair beag dá dtuismitheoirí de na rannta agus na hamhráin atá á fhoghlaim acu ar scoil ar an AOINE 17 Deireadh Fómhair ag 1pm. Beidh Tae/caifé ar fáil sa halla óna 12.30pm*




## Junior Infant Recital

Our Junior Infants (N1A, N1B) will put on a small performance for their parents, of the poems and the songs they are learning at school on AOINE the 17th of October at 1pm. Tea/Coffee will be served in the halla from 12.30pm

## Polasaí Bia Slaintiúil

*Meallaimíd na daltaí le bia sláintiúil ar nós torthaí & glasraí a ithe mar chuid den lón scoile. Iarrtar ar na daltaí torthaí nó glasraí amháin a ithe ag am lón beag agus an chuid eile den lón a ithe ag am lón mór. Iarraimíd gan milseáin, seacláid, crispí, brioscaí nó deochanna milse a thabhairt do na páistí. Molaimíd ceapairí, torthaí agus deoch a bheith acu mar lón.*



## Healthy Eating Policy

We encourage the children to eat healthy foods such as fruits and vegetables as part of their school lunch. We ask the children to eat fruit and vegetables at little break with the remaining lunch being eaten at big break! Please exclude sweets, chocolate, crisps, biscuits and fizzy drinks from your child's lunchbox. We suggest a lunch consisting of sandwiches, fruit and a drink.

## Cosc ar Chnónna

*Ní ceadaítear cnónna/bia le cnónna mar chuid den lón mar go bhfuil ailléirge ag roinnt daltaí sa scoil le cnónna.*




## No Nuts or Nut Products

Nuts & foods containing nuts are not allowed in school as several children in the school suffer from severe nut allergies.

## Ainm ar Gheansaithe & ar Chótaí

*An bhfuil ainm ar gheansaí agus ar chóta do pháiste? Muna bhfuil ar mhiste leat é a dhéanamh gan mhoill le do thoil. Geansaithe agus cótaí á aimsiú againn ar fud na scoile nach le 'haon duine'!*

## Name tags on Coats & Jumpers

Is your child's name on his/her jumper and coat? If not could you please do so without delay. We are finding jumpers and coats with no name tags all over the school that 'nobody owns'!

## Gléasadh na Samhna

Beidh cead ag na páistí teacht isteach ar scoil i bhfeistis bréigéide ar an Déardaoin an 23 Deireadh Fómhair.



## Halloween Dress Up

The children may come to school in fancy dress costumes on Thursday the 23rd of October.

# Éide Scoile School Uniform



Is gá do na páistí ar fad ó rang a 1 go rang a 6 an t-éide scoile foirmeálta a chaitheamh ón gCéadaoin seo chugainn 01 Deireadh Fómhair (brístí gearra curtha I dtaisce go Bealtaine na bliana seo chugainn). Caithtear an culaith spóirt dhá lá sa tseachtain i.e. laethanta go ndéantar corp oideachas agus ar na laethanta sin amháin. Caithtear an culaith scoile foirmeálta ar an 3 lá eile i gcónaí.





Éide Foirmeálta
Pirilín breacán (dúghorm, gorm, glas) nó filleadh beag (R5/R6) nó treabhsar dúghorm
Cairdeagan nó geansaí dúghorm (le suaitheantas na scoile)
blús bhán (le bóna chruinn), léine bhán nó léine póló bhán
Carbhat breacán (roghnach ach ceann a bheith sa bhaile d'ócóidí scoile ar leith)
Bróga leathair/bróga reatha dubh nó dúghorm
Stocaí/riteoga dúghorm







*All pupils from first to sixth class must wear the formal school uniform from Wednesday next the 1st October. (no shorts until next May) The school tracksuit is worn twice a week i.e. P.E. days and on those two days alone. The full school uniform must be worn on the other three days.*



*Formal Uniform*
*Tartan pinafore (navy, blue, green in colour) or kilt (5th /6th class) or navy trousers*
*Navy cardigan or jumper (with school crest)*
*White blouse (round collar), white shirt or white polo shirt*
*Tartan tie (optional but should have one for specific school events)*
*Navy or black leather shoes/runners*
*Navy socks/tights*





# Cosaint Leanaí Child Protection

Tá Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 na roinne glactha ag an mbord bainistíochta agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad go hiomlán agus gan mhodhnú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí agus den Mheasúnú Riosca seo.
Is féidir teacht ar an gcáipéisíocht iomlán ar shuíomh ghréasáin na scoil www.taobhnacoille.ie/polasaithe

*The board of management has adopted and will implement fully and without modification the department's Child Protection Procedures for Schools 2025 as part of this overall Child Safeguarding Statement and Risk Assessment. All documents relating to this policy can be viewed on the school's website www.taobhnacoille.ie/policies*



Gaelscoil Thaobh na Coille: Polasaí um Chosaint agus um Chumhdach Leanaí Fógra faoi Athbhreithniú 2025

Gaelscoil Thaobh na Coille

**Fógra maidir le hAthbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí**

***Notification of the Board of Management's review of the Child Safeguarding Statement***

Chuig: Tuismitheoirí Ghaelscoil Thaobh na Coille

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille an méid a leanas a chur in iúl duit:
*The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wishes to inform you that:*

- Tugadh chun críche athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ag cruinniú an Bhoird a tionóladh ar an 22/09/2025.
  *The Board of Management's annual review of the school's Child Safeguarding Statement was completed at the Board meeting of 22/09/2025.*
- Rinneadh an t-athbhreithniú sin i gcomhréir leis an "Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí" a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Roinne gov.ie
  *This review was conducted in accordance with the "Checklist for Review of the Child Safeguarding Statement" published on the Department's 'website gov.ie*

Faomhadh ag cruinniú Bord Bainistíochta ar an 22/09/2025

Sínithe ________________ Dáta 22/09/2025
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Sínithe ________________ Dáta 22/09/2025
Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta






## Comhaontú Fóin Chliste
### Smart Device Agreement

Cuimhneachán: Cód Deonach maidir le Gléasanna Cliste i bhfeidhm don scoilbhliain 2025/2026 .Séard atá sa chód comhaontaithe ná go n-aontaíonn tuismitheoirí Ghaelscoil Thaobh na Coille go deonach mar ghrúpa tuismitheoirí, nach dtabharfar fón cliste dá bpáistí/bpaistí go dtí go mbíonn siad críochnaithe ar an mbunscoil.



Fiú muna nglacann tú féin go pearsanta leis an gCód seo meabhraím duit nach bhfuil gutháin pócaithe ceadaithe faoi pholasaí Fóin Póca & Gléasanna Teicneolaíochta eile na scoile.

Áirítear leis an bpolasaí seo gurb ionann uaireadóirí cliste agus fóin póca mar gur féidir glaoch fóin a dhéanamh, teachtaireachtaí a sheoladh agus a ghlacadh, cluichí a imirt agus tagann siad dá bhrí sin faoi na coinniallacha céanna a luaitear le fóin chliste sa pholasaí. Is féidir teacht ar na polasaithe seo ar shuíomh ghréasáin na scoile www.taobhnacoille.ie

*Reminder: Smart Device Voluntary Code in effect for schoolyear 2025/2026. The agreed code is one in which the parents of Gaelscoil Thaobh na Coille voluntarily agree to delay purchasing or providing a smart phone until their child has finished their time in primary school.*



*Even if you do not personally signed up to this Code, please note that smart phones are not permitted under the school's Mobile Phones & other Technological Devices Policy.*

*This policy classifies smartwatches as mobile phones, as most smartwatches can be used to make phone calls and send and receive text messages and play games on them and are therefore subject to the same conditions as smartphones in the policy. These policies can be found on the school website www.taobhnacoille.ie*

## Seomra Ranga Google Google Classroom



Beidh Seomra Ranga Google in úsáid ag na Múinteoirí ranga le teachtaireachtaí agus obair bhaile ranga a sheoladh abhaile agus a bhailiú. Bí cinnte go bhfuil ceangail déanta agat le seomra ranga do pháiste/pháistí. Má tá aon deacracht agat an cheangal a dhéanamh seol r-phost ag an rúnaí ag: gaelscoil@taobhnacoille.ie agus déanfaidh sí a dícheall teacht i gcabhair ort.



*Google Classroom will be used by the class teachers to send and collect class messages and homework. Please ensure that you have connected to your child/children's classroom. If you have any difficulty connecting please email the Secretary Gaelscoil@taobhnacoille.ie and she will do her best to help you.*




RIAL NA GAEILGE

Labhraimíd GAEILGE

An t-AM ar FAD

i nGACH AON ÁIT

i nGaelscoil Thaobh na Coille






Mar is eol daoibh táimíd ag ceiliúradh 30 bliain ó bunaíodh Gaelscoil Thaobh na Coille i 1995. Bhí lá speisialta againn do na daltaí ar an Luan 01 Mean Fómhair le tús a chur leis an gceiliúradh. Bhí caisleáin phreabacha agus uachtar reoite againn do na páistí (agus don na múinteoirí) ar fad. Bhain gach duine an spórt agus spraoi as an lá.

*As you know we are celebrating 30 years since Gaelscoil Thaobh na Coille was founded in 1995. We had a special day for the pupils on Monday 01 September to kick off the celebrations. We had bouncy castles and ice cream for all the children (and the teachers!). Everyone enjoyed the day and had a great time.*










## N1A Múinteoir Ailbhe Ní Dhuibhginn

Tá N1A ag socrú isteach go hiontach ar scoil, ag déanamh cairde nua agus ag foghlaim amhráin agus foclóir nua gach lá. Is breá linn a bheith ag sórtáil dathanna agus cruthanna le chéile!

*N1A have been settling in very well at school, making new friends and learning new songs and vocabulary as Gaeilge every day. We enjoy sorting colours and shapes together!*









## N1B Múinteoir Deirdre Ní Dhochartaigh

Tá N1B an-sásta ar scoil. Tá siad ag foghlaim conas éisteacht go cúramach leis an múinteoir agus a gcomhscoláirí agus ag moladh daoine as a gcuid iarrachtaí.

*N1B have been settling beautifully into their new classroom routine. They've been learning how to listen carefully to their teacher and classmates, taking turns speaking, and expressing themselves clearly and kindly.*



## N2B Múinteoir Deirdre Uí Dhiomsaigh

Tá Rang N2B tar éis tús iontach a chur leis an scoilbhliain nua. Socraíonn siad síos gan moill gach lá, réidh don mhionmhachnamh agus paidir na maidine. Pléimid an lá, roinnimid ár scéalta agus tugaimid aghaidh ar sheisiún gníomhaíochtaí mínluaile chun na lámha agus na méara láidriú. Bímid ag dathú, ag gearradh agus ag greamú, ag tógáil, ag cruthú agus ag déanamh míreanna mearaí. Bhí-omar ar fad ar bís an lá a tháinig an veain uachtar reoite chun breithlá 30 bliain na scoile a cheiliúradh!

*Rang N2B have made a great start to the new school year. They settle down quickly each day ready for morning mini-mediation and prayer. We discuss the day, share our stories and then begin our fine motor activity sessions working on hand strength and dexterity. We colour, cut and paste, build. create and make jigsaws. We were all so excited the day the ice-cream van arrived to celebrate the school's 30th birthday!*

## N2A Múinteoir Caitríona Bairéad

Tús maith leath na hoibre! Tá a lán obair ar siúl againn faoi láthair agus tá na páistí ag baint an-taitneamh as. Tosaíonn muid gach lá le na scileanna mínluaileacha agus agus bíonn na páistí réidh le tabhairt faoin obair láitreach. Bhí Gaelscoil Thaobh na Coille 30 bliain d'aois ar an i Meán Fómhar. Bhí caisleán preabadh agus uachtar reoite againn ! I gcóir Seachtain Cairdis chuamar ar shiúlóid lenár gcairde nua ó Rang 4A. Bhí an-spraoi againn ag spaisteoireacht leo. Giorraíonn beirt bóthar !

*A good start is half the work ! There is a lot of work going on in N2A . We start each day with some fine motor skills activities and the children are ready to start learning. Gaelscoil Thaobh na Coille celebrated its 30th birthday on Monday 1st September and we enjoyed a bouncy castle and some ice-cream. For friendship week we went on a walk with our new friends from rang 4A.We had great fun out walking with them. Two shorten the road !*







### R1A Múinteoir Colm Ó Coisdealbha

Bhain ár rang an-taitneamh as "Rás na Díslí" a imirt an tseachtain seo. Bhí an ghníomhaíocht spraíúil agus spreagúil, agus thug sí deis do na páistí a gcuid scileanna matamaitice a chleachtadh. Bhí atmaisféar fuinniúil sa seomra ranga agus d'éirigh go hiontach leis na daltaí go léir.

*Our class really enjoyed playing "Dice Race" this week. The activity was fun and exciting, and it gave the children the opportunity to practice their math skills. There was an energetic atmosphere in the classroom and all the students did great.*






### R1B Múinteoir Hannah Nic Uaid

Tá an obair faoi lán seoil i Rang 1B anois! Táimid gnóthach ag ceol, ag déanamh ealaíne agus ag déanamh drámaíocht. Léigh muid an scéal Na Trí Mhuicín agus thóg muid teach nua dóibh!

*R1B have been very busy so far this term! We have been doing lots of music, art and drama. We read the story of The Three Little Pigs and built them a new house!*





### R2B Múinteoir Aoife Ní Chonchúir

An mhí seo bhí muid ag obair ar neart rudaí speisialta I Rang 2B. Rinne muid obair ar ár caitheamh aimsire ina d'fhoghlaim muid faoi suimeanna agus caitheamh aimsire gach duine san rang. Bhí sé an-speisiúil. Tá caitheamh aimsire ar dóigh ag gach duine san rang. Rinne muid féinphortráid ansin don ealaín a léiríonn ár suimeanna go léir. Bhí seans againn ár scileanna líníochta a chur chun cinn.



## R2A Múinteoir Lauryn Bhreathnach

Eachtraí Úlla Rang a 2A!

Bhí am iontach ag Rang a 2a ag piocadh úlla ón gcrann úll taobh thiar den scoil. D'fhoghlaimíomar faoi na codanna éagsúla den úll agus fuair muid amach go leor fíricí suimiúla. Spreagtha ag an méid a d'fhoghlaimíomar, bheartaíomar bheith cruthaitheach sa seomra ranga! Ag úsáid úlla agus giotáin fhiacla, thógamar ár ndeilbhín úll féin. Chruthaíomar sráidbhaile beag, lacha, puimcín, teach do ghráinneog, agus fiú turtar!

*Rang a 2A's Apple Adventures!*

*Rang a 2A had a wonderful time picking apples from the apple tree behind our school. We explored the different parts of an apple and learned lots of interesting facts. Inspired by what we found, we decided to get creative in the classroom! Using apples and toothpicks, we built our very own apple sculptures.Together, we made a tiny village, a duck, a pumpkin, a hedgehog house, and even a turtle.*





*R2B ar lean*





*This month we have been working on a lot of special things in Class 2B. We worked on our hobbies where we learned about the interests and hobbies of everyone in the class. It was very interesting. Everyone in the class has a great hobby. We then made a self-portrait for art that shows all our interests. We had a chance to develop our drawing skills.*



### R3A Múinteoir Sarah-Jane Ní Choillte

Tá daltaí Rang a Trí ag baint sult as an bhfeadóg stáin. Táimid ag díriú ar fhuaim álainn a fháil agus ag tosú le cúpla tiúin. Tá 'Léim Thart' faoi lán seoil do phaistí Rang a Trí leis an Múinteoir Eoghan. Tá scileanna scipeála a fhoghlaim ag na páistí agus baineann siad taitneamh as a bheith a léim le tionlacan ceoil!

*Third Class students are enjoying learning  the tin whistle. We are focusing on getting a beautiful sound and starting with a few tunes. 'Léim Thart' is in full swing for Third Class children with Teacher Eoghan. The children are learning skipping skills and enjoying jumping to the accompaniment of music!*



### R3B Múinteoir Catherine Ní Cheallaigh

Tá tús iontach curtha ag Rang a 3B leis an mbliain scoile nua! Tá na páistí socraithe isteach go maith agus tá siad ag baint taitnimh as a bheith ar ais lena gcairde agus lena múinteoirí. Tá siad gnóthach ag foghlaim scríbhneoireacht ceangailte agus tá a gcéad chéimeanna glactha acu leis an bhfeadóg stáin a sheinm. Is é an Aoine an lá is fearr leis an rang, tosaíonn an lá le scipeáil le Múinteoir Eoghan ó "Léim Thart," agus cleachtadh feadóg stáin ina dhiaidh sin agus ansin ag snámh sa linn snámha áitiúil! Tá ár gcruthaitheacht á cur ag obair againn freisin, ag críochnú roinnt tionscadal ealaíne áille.

*Rang a 3B has had a great start to the new school year! The children have settled in well and are enjoying being back with their friends and teachers. They are busy learning cursive writing and have taken their first steps in playing the tin whistle. Friday is the class's favourite day, starting with skipping with Múinteoir Eoghan from "Léim Thart," followed by tin whistle practice and then swimming in the local swimming pool! We have also been putting our creativity to work, completing some beautiful art projects.*

### R3C Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh

Tá páistí Rang a 3 ag baint an-sult as ranganna scipeála faoi láthair. Tá scileanna nua á fhoghlaim acu chuile seachtain. Tá na gníomhachtaí scipeála á chleachtadh acu le tionlacam ceoil le Múinteoir Eoin agus tá súil aige go mbeidh cúig scil déag foghlamtha acu faoi dheireadh an séú seachtain.

*Pupils of Rang a 3 are thoroughly enjoying their participation in skipping classes at present. They are learning new skills on a weekly basis. Múinteoir Eoin is aiming for each child to have learned 15 skipping skills over the course of the six weeks.*




### R4B Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh

Tá daltaí R4B sásta a bheith ar ais lena gcairde scoile tar éis saoire an tsamhraidh. Bhíodar gnóthach agus iad i mbun tionscnaimh tíreolaíochta bunaithe ar chontaetha na hÉireann. Ina theannta sin bhaineadar taitnimh as a bheith ag déanamh cupáin d'uibheacha le cré.

*R4B students are happy to be back with their school friends after the summer holidays. They have been busy with a geography project based on the counties of Ireland. They have also enjoyed making egg cups out of clay.*






### R4A Múinteoir Mícheal Ó Mocháin

Rinne Rang 4A ealaín an mhí seo ag baint úsáid as stíl Matisse. Le cruthanna amháin d'éirigh le Matisse (1890 – 1954) a chuid stíl éagsúla féin a chruthú. Sár-jab déanta ag na bpáistí!

*R4A did great art this month in the style of Matisse. With only shapes, Matisse (1890-1954) managed to create his own style of art. The children did great work!*







### R5A Múinteoir Emma de Róiste

Bhí Rang a 5 an-ghnóthach le mí anuas! Táimid ag foghlaim faoin nGorta Mór sa stair, agus dhearamar longa ó am an Ghorta ag baint úsáide as guail agus málaí tae don ealaíe. Táimid ag baint an-taitneamh as turgnaimh eolaíochta a dhéanamh - bhíomar ag foghlaim faoi imoibriú ceimiceach tríd aigéad (sú liomóin) agus bun (sóid aráin) a mheascadh.

*Fifth Class have been busy this month! In history, we have been learning about the Famine, and in art we designed our own famine ships using charcoal and tea bags for effect. We also explored science through some exciting experiments, learning about chemical reactions by mixing an acid (lemon juice) with a base (bicarbonate of soda).*



### R5B Múinteoir Mícheál de Bhailís

An mhí seo rinneamar staidéar ar ionradh na Normannaigh ar Éirinn. D'úsáidamar na hiPadannna chun féachaint ar chaisleáin Normannach timpeall na tíre. Rinneamar líníochtaí pástail d'ailtireacht cháiliúil Normannach. Léigh muid alt suimiúil freisin faoi Chaisleán Chill Ghobáin, an foirgneamh atá in aice lenár scoil.

*This month we studied the Norman invasion of Ireland. We used the ipads to look at Norman castles around the country. We made pastel drawing of famous Norman architecture. We also read an interesting article about Kilgobbin castle, the building next to our school.*

## R6A Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh

Tá R6A tar éis socrú isteach sa scoilbhliain nua anois. Rinneamar an-obair san ealaín agus san OSPS ag labhairt fúinn féin agus na cosúlachtaí agus éagsúlachtaí atá againn. Mar chuid den obair seo, rinneamar féin-phortráidí a léirigh ½ an cuma atá orainn ar an taobh amuigh agus ½ na rudaí a thaitníonn linn a dhéanann suas ár n-ábhair suime. Nach deas iad!

*R6A has now settled into the new school year. We have been working hard in art and SPHE talking about ourselves and the similarities and differences we have. As part of this work, we have made self-portraits that show ½ what we look like on the outside and ½ the things we like that make up our interests and hobbies. Aren't they lovely!*



## R6B Múinteoirí Eavan Ní Mhuirgheasa & Sadhbh Rosenstock

Tá rang a 6B tar éis tús iontach a chur leis an scoilbhliain agus tá siad ag díriú isteach ar an obair. Bhaineamar an-taitneamh as aithne a chur ar na páistí i rang a 2B tar éis cuairt speisialta a thabhairt orthu le linn seachtain chairdis. Chaith rang a sé am leis na páistí i rang a dó agus d'fhoghlaim siad faoina gclann, a gcaitheamh aimsirí, a bpeataí agus fiú an bia is fearr leo! Is rang an-ealaíonta agus cruthaitheach iad rang a 6B agus tá staidéar déanta acu ar na healaíontóirí Paul Klee agus Tim Burton. Chruthaigh na páistí dhá féin phortráid bunaithe ar na healaíontóirí agus nach álainn iad.

*Rang a 6B have made a great start to the school year and are really focusing on their schoolwork. During 'Seachtain Chairdis' the children really enjoyed taking a special visit to rang 2B downstairs. Rang a sé spent time with the children and learnt about their families, hobbies, pets and even their favourite food! Rang a 6B are a very creative and artistic class and have learnt about the two artists Paul Klee and Tim Burton. Each child created two self-portraits based on these artists and they all did a wonderful job. Maith sibh!*

